An Lúibín

16 Feabhra 2004

Nuachtlitir Choicísiúil

Léann Éireannach

The National University of Ireland, Galway (better remembered as the old UCG), is offering a course in Irish Studies online. Contact details are below.

Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag tairiscint cúrsa sa Léann Éireannach tríd an Idirlíon i bpáirtíocht le hOllscoil Regis, Denver, Colorado – cúrsa, más fíor, atá ar an gcéad cheann dá shaghas ar domhan. Tá sé dírithe, tríd is tríd, ar mhic léinn nach bhfuil teacht acu ar na gnáthchláir staidéir. Baineann an cúrsa le réimse leathan staire – an seansaol págánach, teacht na Críostaíochta, an saol meánaoiseach agus a chliseadh, agus Éire nua. Déantar staidéar ar litríocht i nGaeilge agus i mBéarla. I ndeireadh an chúrsa déantar staidéar ar chúrsaí an lae inniu – an geilleagar, an Eaglais, cúrsaí ban, timpeallachta, coiriúlachta agus oideachais, agus cúrsaí polaitíochta sa Tuaisceart.

Ar na léachtóirí tá an Dr Louis de Paor, file aithnidiúil Gaeilge a thug tamall maith san Astráil. Bhí sé ina chraoltóir ar SBS; anois is é Stiúrthóir Lárionad an Léinn Éireannaigh é, agus é ag scríobh leis i gcónaí.

Tá breis eolais faoin gcúrsa ar fáil ón Dr Michelle Comber: michelle.comber@nuigalway.ie, nó ó Samantha Williams: samantha.williams@nuigalway.ie.

Féach freisin: www.irishstudiesonline.org.

Craoltóireacht Ghaeilge

New FM frequencies may become available in Ireland. This is an opportunity for the expansion of Irish-language broadcasting, but what age-group would the new station (or stations) cater for?

Is í Fionnuala Nic Aoidh bainisteoir Raidió na Life, príomhstáisiún Gaeilge Bhaile Átha Cliath agus Chúige Laighean, agus tá aisling aici. Ba mhaith léi gréasán craoltóireachta Gaeilge a chur ar bun sna cathracha ó cheann ceann na tíre – Raidió na Life, Raidió Fáilte i mBéal Feirste, Raidió na Laoi i gCorcaigh agus stáisiúin Ghaeilge i nGaillimh, agus iad ag craoladh de réir sceidil náisiúnta.

Anois an t-am, dar léi, agus an tAire Cumarsáide Dermot Ahern ag meas tuairisce a rinne saineolaithe i ngeall ar chúrsaí craoltóireachta, rud a d'fhéadfadh dul chun sochair do lucht na Gaeilge. Deir an tuairisc gur féidir a lán stáisiún nua a chur ar bun ar FM, rud a mhúscail dóchas agus dúil (arís) i measc Gaeilgeoirí, agus 25% den réimse minicíochtaí ar fáil go fóill.

Tá comhordnóir Gaeilge ag Coimisiún Craoltóireachta na hÉireann, agus beidh siad ag cíoradh scéal seo na minicíochtaí i ndeireadh mhí Feabhra. Anuraidh d'fhoilsigh Coimisiún na Gaeltachta tuairisc a dúirt gur mhaith an rud stáisiún nua do Ghaeilgeoirí óga a chur ar bun. Deirtear go bhfuil an-suim ag an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail is Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, ina bhfuil le fáil sa tuairisc, agus ar an óige is mó atá a airdsean. Ach b'fhearr le Fionnuala Nic Aoidh díriú ar

phobal hraíocht agus do dhul do theanga féin.

Tá an t–ádh le cainteoirí orta orta go bh fuil an oiread sin den teanga acu fós, ach d'fhéadfadh cainteoirí Palawa Kani féin teanga iomlán a chruthú dá mbeadh na hacmhainní acu chuige. Go neartaí Dia a lámh.

Tá breis eolais le fáil faoi na cúrsaí seo agus faoi chúrsaí suimiúla eile a bhaineann leis an saol Bundúchasach ar: www.fatsil.org.